| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí |
| **Cur Síos:** | Is é cuspóir an bheartais seo na príomhghnéithe a shonrú maidir le conas a oibrítear an córas don fhoireann, cé go bhféadfadh sé a bheith suimiúil do mhic léinn ar mian leo eolas mionsonraithe a fháil ar an gcóras. |
| **Údar (Post):** | An Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) agus Cláraitheoir |
| **Leagan:** | 2 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe AIE |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Bealtaine 2020 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

**Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí**

## 1 Comhthéacs

Le blianta fada anois bhí an Córas Teagascóra phearsanta ina phríomhchuid den bhonneagar tacaíochta a chuirtear ar fáil do mhic léinn in Institiúid Oideachais Marino (MIE). Is é cuspóir an bheartais seo na príomhghnéithe a shonrú maidir le conas a oibrítear an córas don fhoireann. Cé go bhfuil an cháipéis seo scríofa go príomha do bhaill foirne a ghníomhaíonn mar Theagascóirí, d'fhéadfadh sé a bheith suimiúil do mhic léinn ar mian leo eolas mionsonraithe a fháil ar an gcóras. Éillítear ar léachtóirí lán-aimseartha agus páirtaimseartha uile a oibríonn dhá lá sa tseachtain ar a laghad Teagascaithe a bheith leithdháilte dóibh.

## 2 Cuspóir

Níl Córas na dTeagascóra phearsanta beartaithe ach do mhic léinn lán-aimseartha amháin. Is comhpháirt lárnach é den saol in MIE. Soláthraíonn teagascóirí tacaíocht do leas ginearálta agus d'fhorbairt an mhic léinn sa mhéid agus a théann sé i bhfeidhm ar dhul chun cinn na mac léinn tríd an gcúrsa dá gcuid. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuireann MIE Córas na dTeagascóirí ar fáil ar bhonn a tiomantais d'fholláine na mac léinn dá cuid agus ar bhonn an chúraim atá aici ina leith. Trí Theagascóirí a shannadh do gach mac léinn, feidhmíonn MIE na leasanna réasúnta dá cuid maidir le mic léinn a thacú.

Is é cuspóir na cáipéise seo tuiscint a thabhairt do Theagascóirí ar ról an Teagascóra in MIE mar aon le roinnt faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú le Teagascóirí, agus iad ag cuidiú lena dTeagascaithe.

## 3 Raon Feidhme

Éillítear ar léachtóirí lán-aimseartha agus páirtaimseartha uile a oibríonn dhá lá sa tseachtain ar a laghad Teagascaithe a bheith leithdháilte dóibh.

## 4 Prionsabail Ghinearálta

4.1 Sanntar Teagascóir pearsanta do gach mac léinn lán-aimseartha ag tús a chúrsa/cúrsa. Sonraítear é sin le linn chlár ionduchtúcháin an chúrsa, nuair a bhuailfidh siad lena dTeagascóirí freisin. Níl cead roimh ré de dhíth ó Theagascaithe maidir lena rannpháirtíocht sa tseirbhís tacaíochta sin ná maidir leis an tairbhe a bhainfidh siad aisti.

4.2 Is í Oifig an Chláraitheora a leithdháileann Teagascaithe do Theagascóirí.

4.3 D'fhéadfadh léachtóir a roghnú chun gníomhú mar Theagascóir ar chúrsaí sainiúla ar a bhfuil taithí ag an léachtóir. Tá sé sin sonraithe i gconradh na foirne agus cuirtear é sin in iúl do léachtóirí nuair a thosaíonn siad ag obair in MIE.

4.4 Nuair is féidir, maidir le mic léinn ó scoileanna lán-Ghaeilge nó ó cheantair na Gaeltachta, sanntar Teagascóir dóibh atá sásta cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

4.5 Sannfar Teagascóir do mhic léinn ar an mBáitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) atá sásta cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

*4.6* Tabharfar ainm a dTeagascóra do mhic léinn le linn an ionduchtúcháin agus déanfar an t-ainm a phostáil i réimse an mhic léinn ar MAESTRO.

4.7 Beidh an dámh in ann amharc ar a sannachán reatha de Theagascaithe trí MAESTRO, go tipiciúil sa chuid Tuarascálacha faoin táib "My Tutees". Mura bhfuil siad liostaithe ansin nó má tharlaíonn neamhréiteach ansin, is féidir le ball foirne teagmháil a dhéanamh le hOifig an Chláraitheora.
Faoi "My Tutee", beidh rochtain ag Teagascóirí ar fhaisnéis bhunúsach lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, cúrsa, bliain agus grúpa an mhic léinn atá sannta dóibh. Ní féidir taifid nó faisnéis eile amhail tinreamh agus dul chun cinn acadúil a iarraidh, ach trí Oifig an Chláraitheora, le cead i scríbhinn, roimh ré ón Teagascaí.

4.8 Déanfaidh an Teagascóir teagmháil thosaigh a thionscnamh lena dTeagascaithe trí bhualadh leo, go hidéalach le linn an ionduchtúcháin nó ag am eile a fheileann don dá pháirtí, go tipiciúil laistigh de na chéad trí sheachtain den chúrsa.

4.9 Buailfidh an Teagascóir le Teagascaí, ar iarratas an Teagascaí, gan mhoill mhíréasúnta maidir le cúrsaí a théann i bhfeidhm ar dhul chun cinn an Teagascaí tríd an gcúrsa.

4.10 Sa mhéid agus a bheidh sé praiticiúil, beidh idirghníomhaíochtaí idir Teagascóirí agus Teagascaithe ar siúl idir 9rn agus 6in, Luan go hAoine, le linn an téarma.

4.11 Is féidir le Teagascóirí ríomhphoist a sheoladh chuig a ngrúpa Teagascaithe agus an ríomhphost grúpa ábhartha á úsáid atá ar fail trí MAESTRO.

4.12 Sannfar Teagascaithe do léachtóirí lán-aimseartha agus ar bhonn pro rata d'fhoireann pháirtaimseartha ar conradh.

4.13 Nuair atá Teagascóir ar shaoire fhadtéarma (m.sh. Saoire Mháithreachais), cuirfidh an Teagascóir Oifig an Chláraitheora ar an eolas agus déanfaidh an Oifig socruithe eile do Theagascaithe an Teagascóra agus cuirfidh sí na socruithe eile in iúl do na Teagascaithe.

4.14 Mura bhfuil Teagascóir in ann bualadh le mac léinn ag am atá criticiúil go hionchasach (m.sh. nuair a fhoilsítear torthaí na scrúduithe), déanfaidh an Teagascóir socruithe eile roimh ré leis an mac léinn.

4.15 Sa chás go dtarlaíonn teagmhas criticiúil, tá na nósanna imeachta atá le leanúint leagtha amach i bPlean Cúraim um Theagmhas Criticiúil MIE d'fhonn folláine mhic léinn agus fhoireann uile MIE a bhainistiú.

4.16 Más mian le mac léinn go sannfar do theagascóir nua é/í, is féidir leis an mac léinn athshannadh teagascóra a iarraidh trí Oifig an Chláraitheora. Ní éillítear ar an mac léinn cúis a thabhairt leis an iarratas.

4.17 Más mian le Teagascóir go n-athshannfar Teagascaí do Theagascóir eile, is féidir leis an Teagascóir an t-iarratas sin a dhéanamh trí Oifig an Chláraitheora. Ní éillítear ar an Teagascóir cúis a thabhairt leis an iarratas.

4.18 Nuair a shanntar Teagascóir nua do theagascaí, ar iarratas an Teagascaí nó ar iarratas an Teagascóra, scriosfaidh an chéad Teagascóir aon fhaisnéis a bhaineann leis an gcaidreamh Teagascóra - Teagascaí atá stóráilte ar ríomhaire an chéad Teagascóra nó ina (h)oifig. Nuair a mheastar ábhartha agus riachtanach é, aistreoidh an chéad Teagascóir, le cead an Teagascaí, faisnéis go hOifig an Chláraitheora agus ina seal féin díreoidh an Oifig aird an Teagascóra nua ar an bhfaisnéis sin, agus fios maith ag an Teagascaí faoi sin.

## 5 Freagrachtaí

### 5.1 Freastal

5.1.1 Moltar do mhic léinn a dTeagascóir pearsanta a choinneáil ar an eolas maidir le cúinsí maolaitheacha ar bith a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a dtinreamh le linn na bliana.

5.1.2 Nuair atá tinreamh mic léinn míshásúil maidir le modúl nó seimeastar, éillítear ar an mac léinn chun bualadh lena T(h)eagascóir pearsanta, agus ní mór don Teagascóir foirm a chomhlánú maidir le tinreamh an mhic léinn. Ag an gcruinniú sin, iarrfaidh an Teagascóir ar an Teagascaí má tá cúinsí maolaitheacha infheidhme maidir le tinreamh an mhic léinn agus spreagfar an Teagascaí chun an tinreamh a fheabhsú ina dhiaidh sin.

5.1.3 Más é an cás go bhfuil mac léinn ar iarraidh ó scrúdú ar chúis dhosheachanta, ba cheart don mhac léinn na cúinsí a bhaineann leis an neamhláithreacht a chur in iúl don Teagascóir a luaithe is féidir. Ba cheart don mhac léinn scríobh chuig Oifig an Chláraitheora (registrars@mie.ie) agus

an neamhláithreacht á míniú agus de ghnáth rachfar i gcomhairle leis an Teagascóir maidir le hiarmhairtí na neamhláithreachta a chinneadh. De ghnáth, nuair a bhaineann an neamhláithreacht le scrúdú bliantúil[1], tabharfar cead do mhac léinn an scrúdú a dhéanamh san fhómhar, mar chéad iarracht nó mar dara hiarracht, ag brath ar chúis na neamhláithreachta. Más scrúdú forlíontach an scrúdú a chailltear, de ghnáth tabharfar grád teipe don mhac léinn ar féidir é a achomharc do Chúirt an Chéad Achomhairc nuair is féidir le mac léinn cead a iarraidh an deis a bheith tugtha dó/di scrúdú speisialta a dhéanamh sa mhodúl (sna modúil) a cailleadh. Nuair a bhíonn cáipéisí ar fáil (m.sh. teastas míochaine), ba cheart iad sin a thabhairt d'Oifig an Chláraitheora.

### 5.2 Coinneáil Taifead

5.2.1 Tar éis cruinnithe chun déileáil le cúrsaí substaintiúla maidir le dul chun cinn Teagascaí trí MIE, bíonn sé ina chuidiú má scríobhann Teagascóir chuig an Teagascaí, le ríomhphost, chun tuiscint an Teagascóra ar thoradh an chruinnithe a dhearbhú.

5.2.2 Déantar nótaí garbha maidir le cruinniú le mac léinn go hanaithnid agus déantar iad a stialladh ina dhiaidh sin.

5.2.3 I gcásanna eisceachtúla nuair a choinnítear nótaí, ba cheart iad a scríobh agus meas á thabhairt ar an Teagascaí agus leis an tuiscint go bhféadfadh an Teagascaí iad a léamh. Ba cheart go mbeadh na nótaí a choinnítear soiléir, gonta, dátaithe agus sínithe ag an am ar scríobhadh iad. Ba cheart nótaí i gcruachóip a stóráil i láthair dhaingean faoi ghlas. Ba cheart do Theagascóirí an Taifead Rannpháirtíochta Teagascóirí a úsáid mar mheáin chun sonraí a thaifeadadh maidir le rannpháirtíocht nó idirghníomhaíocht ar bith lena dTeagascaithe.

5.2.4 Ba cheart go mbeadh gach taifead a choinnítear ag cloí le Beartas Coinneála Taifead agus le Sceideal Coinneála Taifead MIE

### 5.3 Rúndacht

5.3.1 Ba cheart do theagascóir cead i scríbhinn a iarraidh i gcónaí ón Teagascaí chun cúrsaí a phlé atá ábhartha do scrúduithe, do shocrúchán scoile/oibre srl. le pearsanra ábhartha na hInstitiúide.

5.3.2 Ní féidir le Teagascóirí cás mic léinn a phlé le tuismitheoir/caomhnóir an mhic léinn ach amháin le cead an mhic léinn i scríbhinn. I gcásanna, áfach, nuair a chreideann Teagascóir go bhfuil riosca suntasach ann de dhíobháil don mhac léinn nó do dhaoine eile, is féidir leo comhairle a iarraidh ón

[1] Féach an beartas maidir le Measúnú Acadúil agus Dul chun Cinn Acadúil

tSeirbhís Comhairleoireachta maidir leis an ábhar sin a nochtadh don údarás ábhartha, agus tuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh. Ní dhéanfar ábhar a nochtadh do thuismitheoir nó do chaomhnóir ach amháin má tá imní ann i ndáiríre go bhfuil riosca díobhála ann don mhac léinn.

5.3.3 Ba cheart a chur in iúl do Theagascaithe go bhfuil teorainneacha ar an rúndacht atá infheidhme. Nuair a chreideann Teagascóir gurb ionann an Teagascaí agus contúirt dó/di féin nó do dhuine eile, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don Teagascóir comhairle a iarraidh ó chomhghleacaí nó ón tSeirbhís Comhairleoireachta. Mar an gcéanna, má nochtann Teagascaí mí-úsáid, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don Teagascóir faoin mBeartas um Chosaint: Leanaí an nochtadh a chur ar aghaidh chuig na húdaráis iomchuí[2].

### 5.4 Saoirse ó Léachtaí nó a bhieth "Off Books", agus Athdhéanamh

Má tá modúl amháin nó níos mó á athdhéanamh ag an mac léinn gan freastal ar ranganna, bíonn rochtain acu fós ar thacaíocht Teagascóra. Leanfaidh Teagascóirí le tacaíocht a sholáthar do leas ginearálta agus d'fhorbairt an mhic léinn sa mhéid agus a théann sé i bhfeidhm ar dhul chun cinn na mac léinn tríd an gcúrsa dá gcuid. Is ar na Teagascaithe a thiteann an dualgas chun teagmháil a choimeád lena dTeagascóir le linn na tréimhse nuair nach bhfuil siad ag freastal ar ranganna.

### 5.5 Tacaíochtaí Gaolmhara do Mhic Léinn in Institiúid Oideachais Marino

Tá Seirbhís Comhairleoireachta de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, ar fáil do mhic léinn uile MIE nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig: marinocounselling@mie.ie chun teagmháil a dhéanamh le Comhairleoir Idirghabhála Marino maidir le ceist ghinearálta nó chun comhairliúchán a chur in áirithe. (Tabhair faoi deara nach ndéantar seiceáil ar an seoladh ríomhphoist sin ach uair amháin in aghaidh an lae ó Luan go hAoine.) Bain úsáid as student-counselling@tcd.ie maidir le ceist óna dteastaíonn freagairt níos láithrí. Teil.: 01-896 1407. Déileáiltear le buarthaí éigeandála uile agus sceidealú coinní ginearálta trí ghlaoch ar an uimhir sin seachas ríomhphost a sheoladh. Tabhair faoi deara go mbíonn coinní dualgais laethúla ar fáil do mhic léinn - is féidir le mic léinn iad sin a iarraidh go díreach nó is féidir leis an bhfoireann sin a dhéanamh thar a gceann má tá cead acu ón mac léinn. Is féidir leis an Teagascóir, nó mura bhfuil an Teagascóir ar fáil, is féidir le ball eile na Foirne dul in éineacht leis na mic léinn chuig an gcoinne má chreideann siad go bhfuil an mac léinn i mbaol díobhála nó go bhfuil riosca díobhála ann maidir le daoine eile.

#### 5.5.1 Ionad Míochaine Fairview/Fairview Medical Centre:

a. Suíomh Gréasáin: http://dublinfamilydoctor.com/.
b. Ríomhphost: info@fairviewmedical.ie
c. Teil.: 01-833 9856.

[2] I gcásanna áirithe nuair nach féidir leis an mac léinn cinntí a dhéanamh maidir lena leas féin, nó nuair nach bhfuil an cumas aige/aici ar bhonn sealadach a leithéid de chinntí a dhéanamh, is féidir le Teagascóirí, faoina rogha féin, comhairle a iarraidh ó Sheirbhís Comhairleoireachta MIE maidir leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.

#### 5.5.2 An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn

Soláthraítear tacaíocht airgeadais leis an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn do mhic léinn lán-aimseartha nó pháirtaimseartha a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastal ar choláiste[3]. Is é an Priomhtheagascóir a dhéanann an ciste cúnaimh do mhic léinn a riar agus ba cheart ceisteanna maidir le faisnéis faoin gciste agus conas iarratas a dhéanamh ar an gciste a sheoladh chuige/chuici ag Gerry.oconnell@mie.ie.

#### 5.5.3 An tSeirbhís Míchumais

Ba cheart mic léinn a dteastaíonn tacaíochtaí áirithe nó freastal réasúnta uathu mar gheall ar mhíchumas nó ar dheacracht foghlama shainiúil a spreagadh chun clárú leis an tSeirbhís Míchumais. Soláthraíonn Seirbhís Míchumais Choláiste na Tríonóide an tseirbhís i gcomhar le hOifigeach Rochtana MIE. Is é aidhm na seirbhíse comhairle agus tacaíocht a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumais. Ba cheart ceisteanna maidir leis an tseirbhís míchumais a sheoladh,

sa chéad ásc, chuig Oifigeach Rochtana MIE ag access@mie.ie.

### 5.6 Freagracht

Tá Oifig an Cláraitheora freagrach as cur i bhfeidhm an nós imeachta i gcomhar le baill na foirne acadúla.

## 6 Cáipéisí Gaolmhara

6.1 Beartas Chóras na dTeagascóirí

6.2 Taifead Rannpháirtíochta Teagascóirí

6.3 Plean Cúraim MIE um Theagmhais Chriticiúla

6.4 An Ráiteas um Chosaint Leanaí

6.5 Beartas um Chosaint: Leanaí

6.6 An Beartas um Thacaíocht Chruatain do Mhic Léinn

6.7 Tacaíocht do Mhic Léinn Thorracha ag MIE

6.8 An Beartas um Dhínit agus Meas

6.9 An Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais

6.10 An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

6.11 An Nós Imeachta um Athbhreithniú Cáilíochta ar Sheirbhísí Corparáideacha agus Tacaíochta do Mhic Léinn MIE

6.12 An Beartas um Choinneáil Doiciméad

---

[3] Féach An Beartas um Thacaíocht Chruatain do Mhic Léinn

6.13 Sceideal Coinneála Taifead MIE

6.14 An Beartas um Shaoire Mháithreachais

6.15 An Nós Imeachta um Monatóireacht ar Thinreamh

6.16 Measúnú Acadúil agus Dul Chun Cinn Acadúil